Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/6232

17.11.2025

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.12132 — GLOBAL PAYMENTS / ERSTE CARD)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2025/6232)

1. An 6 Samhain 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Global Payments Inc. ('Global Payments', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Erste Group Bank AG ('Erste Holding', an Ostair),

— Erste Card Club d.o.o, ('Erste Card', an Chróit), faoi rialú aonair Erste Holding faoi láthair.

Gheobhaidh Global Payments agus Erste Holding rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Erste Card.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthraí teicneolaíochta agus réiteach íocaíochta é Global Payments do cheannaithe agus d'institiúidí airgeadais go príomha ar fud an domhain. Áirítear ar a sheirbhísí réitigh fála ceannaithe, réitigh bainistíochta fiontair agus íocaíochta (sna Stáit Aontaithe go príomha), próiseáil cártaí íocaíochta agus réitigh tairseacha íocaíochta ar líne.

— Is soláthraí seirbhísí airgeadais uilíoch é Erste Holding i Lár agus in Oirthear na hEorpa. Cuireann sé réimse leathan seirbhísí baincéireachta ar fáil, lena n-áirítear baincéireacht mhiondíola agus tráchtála, baincéireacht infheistíochta agus phríobháideach, bainistiú sócmhainní, iasachtú, morgáistí agus baincéireacht dhigiteach.

— Tá Erste Card gníomhach i bhfáil ceannaí sa Chróit.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12132 — GLOBAL PAYMENTS / ERSTE CARD

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.